

EUROPE @ SCHOOL



CEACHTANNA GNÍOMHACHA FAOIN AONTAS EORPACH
LÁMHLEABHAR AN MHÚINTEORA

ÚDAR

Ba í an eagraíocht oideachais neamhbhrabúis sa Bheilg [Europe House Ryckvelde](#) a chéadcheap agus a nuashonraigh an uirlis oideachais seo arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa.

TEAGMHÁIL

Déan teagmháil le hoifig idirchaidrimh Parlaimint na hEorpa i do thír féin le tuilleadh faisnéise a fháil: www.europarl.europa.eu/at-your-service/ga/stay-informed/liaison-offices-in-your-country

LEAGANACHA TEANGA

An leagan bunaidh: EN

Aistriúcháin: gach teanga oifigiúil de chuid AE

Teanga an leagain seo: GA

Tá gach doiciméad ar fáil ar líne ar europarl.europa.eu/ambassador-school.

SÉANADH

Forbraíodh an uirlis oideachais “Europe@school – Ceachtanna gníomhacha faoin Aontas Eorpach” chun daltaí a mhúineadh faoin Aontas Eorpach. Is é an príomh-spríocghrúpa ná daltaí 14-18 mbliana d’aois in oideachas ginearálta agus i ngairmoideachas dara leibhéal i ngach Ballstát de AE. Sprioc oideachasúil atá leis an uirlis seo, agus is an mbonn sin amháin a rinneadh na roghanna maidir le hinneachar agus modheolaíochtaí. Is ar údar na huirlise a luíonn an fhreagracht as inneachar na huirlise agus níor cheart glacadh leis gurb é seasamh oifigiúil na Parlaiminte atá in aon tuairim a nochtar anseo.

Nuashonrú ar an uirlis oideachasúil a cuireadh i gcrích in Aibreán 2020. An Bhruiséil, © An tAontas Eorpach, 2020.

MAR GHEALL AR 'EUROPE@SCHOOL' - CEACHTANNA GNÍOMHACHA FAOIN AONTAS EORPACH'

COINCHEAP: CÉARD É 'AN EUROPE@SCHOOL'?

Forbraíodh an uirlis oideachasúil 'Europe@school – Ceachtanna gníomhacha faoin Aontas Eorpach' ar dtús chun uirlis a thairiscint do scoileanna i gClár um Scoileanna Ambasadóra Pharlaimint na hEorpa chun daltaí a mhúineadh faoin Aontas Eorpach ar bhealach gníomhach. **Tá ceachtanna saincheaptha ann atá úsáideach, éifeachtach agus tarraingteach chun daltaí 14-18 mbliana d'aois a mhúineadh faoin Aontas Eorpach.**

Is é an aidhm atá ann ná ráthaíocht a thabhairt go bhfuil na huirlisí ag gach scoil san Eoraip chun daltaí a mhúineadh faoi dhaonlathas parlaiminteach na hEorpa agus go bhfuil an t-eolas riachtanach ar fáil dóibh chun **páirt a ghlacadh agus a bheith páirteach in imeachtaí óige Parlaimint na hEorpa**. Is féidir an t-ábhar a úsáid, ar ndóigh, le haghaidh spriocphobal níos leithne.

Cur chuige modúlach agus modheolaíochtaí gníomhacha

Tá sé cruthaithe go bhfuil tóir ag daltaí agus múinteoirí araon ar an ábhar seo, a bhuí leis an rogha atá ann de **mhodheolaíochtaí gníomhacha, lena n-áirítear cluichí oideachasúla, cluiche rólimeartha agus cleachtaí díospóireachta**. Go deimhin, tá sé léirithe le taighde gur straitéis foghlama tharraingteach í an fhoghlaim atá bunaithe ar thaithí, agus go bhfuil tionchar mór aici.

Is féidir gach modúl den ábhar a úsáid as féin. Mar mhúinteoir, tá saoirse agat an modúl nó na modúil a roghnú is fearr a oireann do na daltaí agus dá gcuiraclam.

Ina theannta sin, ag deireadh an lámhleabhair múinteora seo is féidir leat liosta d'acmhainní comhlántacha a fháil, ina n-úsáidtear cur chuige comhchosúil.

Bunaithe ar phrionsabail oideachasúla

Forbraíodh 'Europe@school' de réir roinnt **prionsabail oideachasúla** láidre. Faoi na prionsabail sin, tugtar ráthaíocht maidir le hábhar cruthaitheach agus daingean a bhfuil fíorthionchar acu:

- **Saincheaptha don spriocghrúpa:** Forbraíodh 'Europe@school' do dhaltáí 14-18 mbliana d'aois ar fud an Aontais Eorpaigh. De bhrí gur spriocghrúpa forleathan é seo, rinneadh an cinneadh cur chuige modúlach a úsáid: roghnaíonn an múinteoir na tascanna is fearr a oireann do riachtanais oideachais na ndaltaí.
- **Réidh le húsáid:** is féidir an t-ábhar seo a úsáid láithreach sa seomra ranga agus tá sé furasta a úsáid.
- **Bhí múinteoirí agus páirtithe leasmhara páirteach** i bhforbairt na n-acmhainní foghlama seo. Rinne scoileanna atá páirteach i gClár um Scoileanna Ambasadóra na hEorpa tástáil ar an ábhar agus d'úsáid siad é.
- **Comhaimseartha:** Úsáideann 'Europe@school' meáin chomhaimseartha agus tá sé cothrom le dáta.

- **Neodrach:** tugtar an fhaisnéis ar bhealach neodrach. Is faoi na daltaí atá sé teacht ar a dtuairimí féin.
- **Cruthaitheach agus spreagúil:** Úsáideann 'Europe@school' modheolaíochtaí gníomhacha agus nua-aimseartha a spreagann mhúinteoirí agus daltaí araon oibriú ar an téama 'an Eoraip' sa rang agus ar scoil.

Áirítear in 'Europe@school' cur chuige soiléir oideolaíoch agus samhail fáis chun an Eoraip a theagasc ar scoil, rud atá ag comhfhreagairt do Dhearbhú Pháras AE (2015) ina dtarraingítear aird ar an ngá atá le ról an oideachais i saoránacht agus luachanna coiteanna AE a chur chun cinn: *'Is é an príomhchuspóir atá le hoideachas, ní hamháin eolas, scileanna, inniúlachtaí agus dearcthaí a fhorbairt agus luachanna bunúsacha a leabú, tá sé riachtanach freisin cabhrú le daoine óga a bheith ina mbaill ghníomhacha, fhreagracha, leathanaigeanta den tsochaí.'*

MODÚIL EUROPE@SCHOOL

1. Tráth na gCeist ar líne faoin Aontas Eorpach

- Treoirlínte do mhúinteoirí
- Tráth na gceist ar líne

2. Ballstáit AE

- Treoirlínte do mhúinteoirí
- Educational game
- Cur i láthair

3. Stair & fíricí faoi AE:

- Treoirlínte do mhúinteoirí
- Cluiche oideachasúil
- Cur i láthair
- Amlíne inphriontáilte de phróiseas lánpháirtiú na hEorpa (2):
 - Ó 6 go 27 mballstát
 - Ó ghual agus cruach go dtí an euro coiteann agus ina dhiaidh sin

4. AE inár saol laethúil

- Treoirlínte do mhúinteoirí
- Cluiche oideachasúil
- Cur i láthair

5. Luachanna AE

- Treoirlínte do mhúinteoirí
- Cluiche oideachasúil
- Cleachtadh díospóireachta le ráitis

6. Cluiche rólimeartha Pharlaimint na hEorpa

- Treoirlínte do mhúinteoirí
- Cluiche rólimeartha le 5 thopaic ábhartha
- Cur i láthair le haghaidh mheastóireacht an chleachtaidh

7. Litearthacht sna meáin

(Tá an modúl seo forbartha ag Parlaimint na hEorpa, ní ag údar na modúl eile.)

- Cluiche oideachasúil
- Cur i láthair

8. Lámhleabhar iomlán an mhúinteora (an doiciméad seo)

ACMHAINNÍ FOGHLAMA COMHLÁNTACHA

1. ANT-AONTAS EORPACH GO GINEARÁLTA

- **AE i sleamhnáin:** europa.eu/european-union/documents-publications/slide-presentations_ga
- **Cluiche ar líne faoi AE inár saol laethúil:** www.the12differences.eu
- **Tráth na gceist ginearálta ar líne** Parlaimint na hEorpa **ar an Aontas Eorpach agus ar Parlaimint na hEorpa** (15 nóiméad): www.toghchain-eorpacha.eu/trath-na-gceist
- Bróisiúr Mise & an tAontas Eorpach: europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/955ebbf-4366-11ea-b81b-01aa75ed71a1
- Tráth na gceist Mise & an tAontas Eorpach: europa.eu/learning-corner/quiz_ga

2. LUACHANNA AE

- **Tráth na gceist ar líne** Parlaimint na hEorpa **ar chearta an duine** (10-15 nóiméad): www.europarl.europa.eu/news/ga/headlines/society/20191205STO68454/trath-na-gceist-cearta-an-duine-san-aontas-eorpach

3. CÉN ÁIT IS FÉIDIR ACMHAINNÍ OIDEACHAIS EILE A FHÁIL?

- Áras Stair na hEorpa: historia-europa.ep.eu/ga/oiliunoiri-agus-muinteoiri
- Cúinne na Foghlama: europa.eu/learning-corner/home_ga